



# Goitse

Uimhir 16
27 Meitheamh 2014
Teagmháil: 086 8476862

**Saor in aisce** sna trí paróistí


NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOICH CHEANNFHAOLA

goitse.org





# Fáilte roimh na cuairteoirí




Tá súil le scaifte mór cuairteoirí chuig an cheantar seo ag deireadh na seachtaine.

Beidh grúpa daoine ag teacht go Gaoth Dobhair mar chuid de dheireadh seachtaine atá eagraithe ag an ghrúpa áitiúil *Goitse go Gaoth Dobhair*. I measc na rudaí atá eagraithe don ócáid sin, tá siamsaíocht sna tithe tábhairne, siompóisiam ar na deacrachtaí atá os comhair na Gaeltachta, Cabaret Craiceáilte speisialta ina mbeidh ceoltóirí as an cheantar le feiceáil agus le cluinstin.

Tá Féile Ghabhla ag gabháil ar aghaidh ag an am céanna agus beidh an coiste ag súil le scaifte mhór ar an oileán thar thréimhse na Féile, go háirithe ar an Domhnach nuair a bhíonn an tAifreann ann amuigh faoin aer.

Níos moille i mí Iúil, beidh an chéad Fhéile Swell ar Árainn Mhór.

Thoir i gCloich Cheannfhaola, beidh Féile na Seanbheairice faoi lán seoil ag deireadh na seachtaine agus beidh Corn Cuimhneacháin Éamonn Ghráinne mar chuid den Fhéile sin in Óstán Loch Altan Dé Domhnaigh.

Agus, ar ndóigh, beidh lucht aclaíochta iontach sásta leis an GaelForce atá ag tarlú sa cheantar Dé Sathairn.

Tarraingeoidh na himeachtaí seo scaiftí isteach sa cheantar agus cuirfidh an pobal anseo fearadh na fáilte rompu.

Ar lean ar lch 2

# Fáilte roimh na cuairteoirí

Ar lean ó lch 2


Dúirt duine de lucht eagraithe *Goitse go Gaoth Dobhair* go raibh sé tábhachtach go dtiocfadh oiread daoine agus is féidir chuig an cheantar le go bhfeicfeadh siad caidé bhí ar fáil do thurasóirí ach go raibh seans ag muintir na háite fosta beart a dhéanamh ar son an cheantair agus deis a thabhairt do ghnónna beaga, nó do dhaoine atá ag smaoineamh ar ghnónna beaga a thoiseacht, dul i bhfeidhm ar mhargadh s'acu agus féidearthachtaí a aimsiú.


Mar chuid den siompóisiam atá á reáchtáil ag an ghrúpa pobail san Acadamh Dé Sathairn, beidh ceardlanna ar ghnéithe éagsúla de shaol na Gaeltachta, cúrsaí fostaíochta ina measc, agus meastar go mbeidh béim ar an chuid sin den turasóireacht fosta.

Ceann de na deacrachtaí atá aimsithe ag pobail agus ag gnónna beaga sa cheantar ná turasóirí a choinneáil san áit agus tuigeann daoine go bhfuil gá le infheistíocht san earnáil sa cheantar mar tá sé tugtha fá deara go bhfuil an earnáil féin ag athrú agus go bhfuil suim ag daoine anois sa turasóireacht chultúrtha agus i saoirí amuigh faoin aer ag déanamh rudaí ar nós dreapadóireachta agus spaisteoireacht sléibhe.

Dúirt Moira Ní Ghallachóir ón chomhlacht mng go raibh bearna sa mhargadh don chineál sin turasóireachta agus gur chóir do níos mó daoine féachaint ar na féidearthachtaí

## scadán caoch




## Clár imeachtaí na Deireadh Seachtaine

**Dé hAoine 27 Meitheamh**

2-6in: Lá Foscailte sa Chrannóg
Buail isteach agus feic caidé a bhíonn ag dul ar aghaidh sa Chrannóg, faigh cupa tae, labhair leis an fhoireann no faigh caillte i gcartlann na seanphictiúir!

8in: Léiriú ar dhá dhráma **'Filleann an Feall'** agus **'Cúrsaí Cleamhnais'** i bPobalscoil Ghaoth Dobhair.

10in: **Seisiún ceoil** Teach Hiúdaí Beag

**Dé Sathairn 28 Meitheamh**

10rn-1in: Siompóisiam agus Ceardlanna: "**Caidé mar is féidir an Ghaeltacht a shábháil?**" in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

12-3in: **Margadh Bídh agus Ceardaíochta** sa Chrannóg.

2-5in: **Lá Teaghlaigh** in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar.

8rn-2in: **Comórtas Gailf** agus **Duais na gCuairteoirí**, Cumann Gailf Ghaoth Dobhair.

**Dé Domhnaigh 29 Meitheamh**

**Féile Ghabhla:** Aifreann ar Ché Thrá na mBlathan, Gabhla @ 3in (Bád ag fágáil Ché an Phoirt Úir)
**Seisiún ceoil do thosaitheoirí** Teach Mhicí 1.00in
**Dreapadóireacht agus Siúlóid Sléibhe Treoraithe** le *Rock agus Roam*
**Siúlóid stáiriúil** le P.J. Ó Domhnaill - ***Siúlóid an Chlocháin Bhig***. Ag fágáil Ionad Naomh Pádraig, Dobhar @ 2i.n.

| Ionad | Aoine 27 | Satharn 28 | Domhnach 29 |
|---|---|---|---|
| Teach Hiúdaí Beag | Seisiún Traidisiúnta | Cabaret Craiceáilte | |
| Radharc na Mara | Panama Red | Alan Crowley & Dioscó | |
| Teach Sheáin Óig | Seán G | Fame Suckers | Murphy's Law |
| Teach Mhicí | Mr Jones | Neil McLaughlin | Seisiún ceoil traidisiúnta na bhfoghlamóirí, 1in |
| Teach Jack | | Leath ar Strae | Tommy Doherty |

# Am cinniúnach i nGaeltacht Dhún na nGall

Is iomaí uair a léimid gur seo "am cinniúnach" don Ghaeilge agus don Ghaeltacht agus bíonn leisce ar iriseoirí an téarma a úsáid.

Ach i saol an lae inniu, níl dabht ar bith ann go bhfuil am cinniúnach ceart bainte amach againn anseo i nGaeltacht Dhún na nGall.

Tá titim shuntasach sa méid páistí atá ag toiseacht ar na scoltacha sa cheantar seo gan Gaeilge ar bith acu.

Ciallaíonn sé sin nach bhfuil siad ag éisteacht leis an Ghaeilge sa bhaile agus gurb é an Béarla teanga an tí.

Tá glúin iomlán de fhir agus de mhná óga atá imithe thar sáile agus thig linn a bheith réasúnta cinnte nach i nGaeilge a thógfaidh siad a gcuid páistí.

Agus tá glúnta de dhaoine óga le Gaeilge atá ag dul fríd an chóras oideachais agus fios acu nach bhfuil i ndán daofa ach an imirce.

Anois, deir daoine go bhfaca muid am crua roimhe seo; sna caogaidí mar shampla, nuair nach raibh obair ar bith le fáil sa cheantar seo agus gurbh éigin do na fir, agus do chuid mhaith de na mná, imeacht anonn go hAlbain nó so Sasain le airgead a shaothrú le tabhairt abhaile leo sa gheimhreadh.

Ní mar sin a tá rudaí anois.

**Eagarfhocal**

**"Tá todhchaí na Gaeltachta i lámha mhuintir na Gaeltachta."**

Fáiltíonn Goitse roimh litreacha ónár léitheoirí. féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig **litir@goitse.org.** Seol comhfhreagras ar bith eile chuig **eolas@goitse.org** nó déan teagmháil ag 086 8476862

Nuair a phill na fir agus na mná sin chun a' bhaile don gheimhreadh, bhí Gaeilge thart orthu ó mhaidin go hoíche. Níl sé mar sin anois.

Deirtear linn nach bhfuil mórán ama fágtha ag an Ghaeltacht agus creideann bunús achan duine anois go bhfuil an baol ann nach mbeidh a leithéid ann mar phobal beo bríomhar Gaeltachta ann sna blianta amach romhainn.

Bhí siúlóidí cumhachtacha i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste le tabhairt amach faoin easpa measa a tá agus a bhí ag an dá rialtas ar an oileán seo agus ar an ghanntanas seirbhísí atá siad beirt ag cur ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge.

Thacaigh muid leis na siúlóidí sin. Bhí muid "Dearg le Fearg".

Thuig muid go raibh dualgas ar an rialtas tacaíocht a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta agus gur theip rialtas i ndiaidh rialtais sin a dhéanamh. Cad chuige nach mbeadh fearg orainn?

Ach ní shábhálfaidh rialtas ar bith an Ghaeltacht, fiú más sin an príomhrud a bhí ar an chlár oibre acu.

Tá todhchaí na Gaeltachta i lámha mhuintir na Gaeltachta.

Má stopann daoine ag caint i nGaeilge lena gcuid páistí, beidh deireadh leis an Ghaeltacht, is Cuma caidé a dhéanann rialtas ar bith.

Má tá córas oideachais de dhíth leis an teanga a chothú, gabhaimis leis.

Má tá jabanna de dhíth lenár gcuid páistí a choinneáil sa bhaile, cruthaímis iad, ní cuirimis brú dochreidte ar an rialtas le déanamh cinnte go bhfuil sin againn.

Beidh seans ag daoine a n-intinn a dhéanamh suas fá na rudaí seo ag deireadh na seachtaine seo ag fóram neamhspleách san Acadamh i nGaoth Dobhair.

Deis atá ann fáil amach faoi na roghanna atá romhainn mar phobal agus tá sé deacair cinneadh tábhachtach ar bith a dhéanamh gan fios agat caidé na roghanna atá agat.

Agus tá cinneadh le déanamh ag achan duine againn atá ina chónaí sa Ghaeltacht.

Sin an fáth gur am cinniúnach atá ann agus sin an fáth go gcaithfidh muid seasamh suas ar son rud atá luachmhar agus tábhachtach againn.

Sin nó luí siar agus ligint don Ghaeltacht bás a fháil.

Am cinniúnach, leoga!

**Comhfhreagras:**

## *Coláistí Gaeilge nó campaí saoire?*

A chara,
Cúpla smaoineamh fá'n mhír a bhí ar *Bharrscéalta*, Raidió na Gaeltachta, inniu:

An bhfuil na scolairí Gaeilge seo ag foghlaim na Gaeilge sa Ghaeltacht?

An bhfuil feidhm ar bith leis na Mná Tí san lá atá inniu ann?

Dream scolairí ar bith dá bhfeicim ag siúl na bealtaí nó ag fanacht ar bhus, ní chluinim iad ag labhairt na Gaeilge am ar bith. Má bhíonn ceathrar sa tseomra leapa an mbíonn siad i ndairíre ag labhairt na Gaeilge?

An é gur coicís saoire do pháistí/dhéagóirí ó theaghlaigh le airgead atá anseo agus níl suim ar bith acu sa teanga? Saoire faoin tuath, cois farraige — an sin an rud atá i gceist leis na 'coláistí Gaeilge' seo?

In áit bheith ag déanamh cothabháil ar thithe aonaracha sa Ghaeltacht — agus gan suim ar bith ag daoine fásta bheith ag roinnt seomraí lena chéile — cad chuige nach dtig ionaid foghlama, lárnach a thógáil sa Ghaeltacht agus lóistín ar fáil iontu .i. seomraí aonaracha le *en suite*? (Caidé fá na páirceanna gnó agus na foirgnimh seo atá ag Údarás na Gaeltachta agus iad ina luí folamh?) Bheadh idir pháistí, déagóirí agus daoine fásta ábalta a léithéid d'ionaid a úsáid am ar bith i rith na bliana agus chan amháin i rith am samhraidh.

**bocsa poist**
Fáilte roimh litreacha ag
**eolas@goitse.org**

Thiocfaí saol na tuaithe/saol na Gaeltachta a chur ar fáil ar an suíomh amháin seo agus bheadh sé mar pháirt den chúrsa go mbeadh na foghlaimeoirí rannpháirteach agus gníomhach san saol sin i. feirm, ainmhithe, fás glasraí, foghlaim ceardanna, tógáil ballaí cloiche, ullmhú béilí, spóirt, siúlóidí sléibhe, bithéagsúlacht, inbhuanaitheacht, ceol, ríomhaireacht tré Ghaeilge, léamh, drámaíocht, foghlaim damhsa (chan amháin an damhsa Gaelach), teanga an ghrá srl agus é uilig bheith déanta tré mheán na Gaeilge. Bheadh deis ag daoine na háite theacht agus cur i láthair a dhéanamh sa suíomh seo, nó thiocfadh leis na foghlaimeoirí dhul fhad leosan, agus na hábhair a fhoghlaim tré mheán na Gaeilge.

Sna caogaidí sa chéad deireanach nach duine amháin d'achan teaghlach a bhí i gceist leis na 'scolairí Gaeilge'? Cha raibh duine ar bith eile ag an scolaire le Béarla a labhairt leis/léi mar nach raibh Béarla ar bith ag na daoine bochta seo san am agus is cuidiú airgid a bhí ann daofa fosta. Ar ndóigh bhí na scolairí seo sa Ghaeltacht ar feadh tréimhse i bhfad níos faide ná coicís agus cha raibh an dara suí acu ach Gaeilge a labhairt agus seo mar a d'fhoghlaim siad an Ghaeilge san am.

Tá an saol ag athrú agus nach í an cheist a chaithfear a chur; an bhfuil gá leis na *Mná Tí* (caidé fá na fir?) sa ré nua-aimseartha seo?

*Is mise,*
Cordelia Nic Fhearraigh
Ceantar Ghort a' Choirce
Gaeltacht le Gaeilge

# Cúrsa úr Dioplóma sa Chultúr Dúchais

Tá cúrsa úr sa Chultúr Dúchais ag toiseacht in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an Scrabán san Fhómhar.

Beidh an cúrsa ar siúl ar an idirlíon den chuid is mó; modh solúbtha foghlama a thabharfaidh deis do dhaoine tabhairt faoi ina n-am féin.

Clúdófar gnéithe éagsúla den chultúr dúchais ar an gcúrsa, ina measc nádúr an bhéaloidis; ceol, amhránaíocht agus damhsa; tuiscintí agus nósmhaireacht thraidisiúnta; an t-osnádúr agus ceirdeanna traidisiúnta.

Bheadh an cúrsa fóirsteanach do gach duine a chuireann spéis sa chultúr dúchais agus dóibh siúd a oibríonn nó ar mhaith leo oibriú i réimsí mar fhorbairt pobail, turasóireacht chultúrtha, oideachas agus na healaíona.

Is cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain ollscoile atá i gceist agus is é 15 Lúnasa, 2014 an spriocdháta d'iarratais.

Tá eolas breise agus foirm iarratais ar fáil ag an suíomh idirlín www.acadamh.ie.

Glac fógra le do nuachtán áitiúil

Rátaí agus eolas ar fáil ó
eolas@goitse.org
nó déan teagmháil ag
086 8476862

Goitse
www.goitse.org



Grianghraf: Tommy Curran

# Pobail Shlí Cholmcille ag foghlaim óna chéile

Moira Ní Ghallachóir

Bhí comhdháil trí lá, dírithe ar fhorbairt Slí Cholmcille, ar siúl an deireadh seachtaine seo a chuaigh thart in Óstán Loch Altan i nGort an Choirce. Is iad Urras Leabhraichean nan Eilean, Bòrd na Gàidhlig agus Foras na Gaeilge a d'eagraigh an comhdháil.

Tionscnamh úr turasóireachta oidhreachta agus cultúrtha is ea Slí Cholmcille. Ceiliúrann an tSlí Oidhreachta seo saol agus traidisiúin an Naoimh agus is deis í béim a chur ar na ceangail stairiúla agus teangeolaíochta atá ann le fada idir Éirinn agus Albain.

Go dtí seo tá 72 pointe luaite ar an tslí agus tá chóir a bheith dosaen acusan sna trí paróistí anseo. Déantar gearán faoin tslí nach bhfuil go leor cuaillí eolais ann agus, dá bharr, gur sórt de láithreacha rúnda atá i bhfolach iad, agus go gcaithfear treoraí eolais a fháil le tú a thabhairt chucu. Is léir, mar réiteach ar seo, go mbeidh gá le treoraithe eolais mar pháirt de fhorbairt Slí Cholmcille.

Bhí teachtaireacht an-láidir le cluinstin le linn na comhdhála: "Thig le pobail ar an tSlí foghlaim óna chéile".

Labhair Brian Lacey ar an mhiotaseolaíocht atá ag baint leis an tSlí agus thug Liam Ó Cuinneagáin le fios go raibh deis iontach ann le Camino Colmcille a fhorbairt — bunaithe ar an turasóireacht oilithreachta. Rinne an staraí áitiúil Michéal Ó Domhnaill cur síos cuimsitheach ar an seanchas atá ag baint le Colmcille.

Ní cainteanna amháin a bhí i gceist: Rinne Noel Ó Gallchóir agus Cathal Ó Curráin cur i láthair idir cheol, dhrámaíocht agus fhilíocht a chuaigh go mór i bhfeidhm ar an lucht éisteachta. Cheol Noeleen Ní Cholla, roinnt amhrán inar dheimhnigh sí — trí Ghaeilge agus trí Ghàidhlig — an nasc idir Éirinn agus Albain.


Eagraíodh turas bus thart ar cheantar Thulacha Beigile agus sean-eaglais Ráithe, agus turas lae go hOileán Thoraí mar chuid fden deireadh seachtaine.



Patsy Dan Mac Ruairí, Rí Thoraí, a rinne an comhdháil a oscailt go hoifigiúil i gcuideachta Moira Ní Ghallchóir ón chomhlacht Rock agus Roam/mng.ie.



Liam Ó Cuinneagáin, Oideas Gael, Gleann Cholmcille i gcuideachta Bearnard Ó Domhnaill as Gort an Choirce. Grianghraf: Tommy Curran



Bridget Nic Gairbheith, Bainisteoir Chomharchumann Thoraí, John Randall, Urras Leabhraichean Nan Eilean, Noeleen Ní Cholla, Foras na Gaeilge agus Pól Ó Muireasáin, Aistritheoir as Doire agus Gaoth Dobhair a bhí i láthair ag Comhdháil Slí Cholmcille i nGort an Choirce. Grianghraf: Tommy Curran

Léirigh an comhdháil go dtig leis an turasóireacht chultúrtha pobail a láidriú, rud a chuideodh le cur chun cinn teanga aagus leis an eacnamaíocht áitiúil.

Mar a dúirt Calum MacGilleain ag an chomhdháil "Níl aon dá thír ann a bhfuil níos mó i gcoitinne acu ná Éire agus Alba. Is é an fharraige eadrainn an ceangal agus ní haon chonstaic í".

Caithfimid a bheith sásta a admháil nach mórionad turasóireachta é an contae seo go fóill agus nach dtuigeann an domhan mór cad é atá le tairiscint againne. Is é sin go díreach atá turasóirí a lorg sa lá atá inniu ann seoda agus rúin bhailte áitiúla. Is mór an gar é go bhfuil muid ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin mar gheall ar an mhargaíocht dhomhanda atáthar a dhéanamh ar Cho. Dhún na nGall. Agus Slí Cholmcille a chur san áireamh fosta, is cumhachtach an deis é an dá shlí seo - thig postanna a chruthú i réimse na turasóireachta, iarsmalanna, turais threoraithe agus beidh neart cuairteoirí sa cheantar leis na gnónna áitiúla a choinneáil gnóitheach. Tá mng ag cur béim mhór ar an mheascán mearaí de chultúir agus acmhainní nádúrtha áitiúla a chur chun cinn mar pháirt de phacáistí turasóireachta faoi leith.

Mar ghnó óg áitiúil atá bainteach leis an turasoireacht, tá múinín níos láidre againne in mng de thairbhe na comhdhála seo, go bhfuil muid ar an bhealach cheart, go bhfuil gá faoi leith le seirbhís mar seo agus go bhfuil muid ag cur tábhacht leis go mbeidh an pobal comhpháirteach linne. Thig linne cuairteoirí agus turasóirí a mhealladh isteach chun na Gaeltachta - láithreach. Seo an t-am do phobail na Gaeltachta ár lorg a chur ar an turasóireacht chultúrtha.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar Shlí Cholmcille ach bualadh isteach chuig oifig mng.ie sa Chrannóg in Doirí Beaga.

# Síorchasadh rotha mór an tsaoil

**Aniar Aduaidh**

le **Brian Mac Rabhartaigh**



Baill de Bhord Chomhairle Oidhreachta na hÉireann taobh amuigh de Theach athchóirithe Mhicí Mhic Gabhann i bPolláin an Raithnigh, le goirid.

Ar fhód an bhealaigh mhóir, i bPollán an Raithnigh, baile fearainn Dhoire Chonaire, tá bothán bheag cheann tuí tógtha ann. Tá an bothán bheag seo, atá in imeall na slí, ar cheann de na cinn is iomráití sa dúiche, cionn is gur ann a chonaic Micí Mac Gabhann solas mór an tsaoil, don chéad uair, nuair a saolaíodh é, mar chéad duine clainne ag Tomás Mac Gabhann agus Bríd Ní Chanainn, ar an darna lá fichead de mhí na Samhna sa bhliain 1865. Seo mar a scríobh an bailitheoir béaloideasa as Teileann, Seán Ó hEochaidh agus é ag déanamh cur síos ar Mhicí Mac Gabhann; "Fear suite daingean, cnámhach, urrúnta, láidir, fírinneach, ionraic a bhí ann. Bhí a chuid ranna d'intleacht agus d'éirim aigne ann. Ina nádúr bhí sé rud beag tobann, tintrí."

Chan bréag ráite é, go bhfuil clú 's cáil ar Mhicí de thairbhe a shaothar dhírbheathaisnéis; 'Rotha Mór an an tSaoil'. Ar ndóighe, tá a fhios againn nár Micí é féin a chuir an saothar liteartha seo ar phár dúinn, téann a bhuíochas sin do Sheáin Ó hEochaidh a rinne taifead agus a scríobh síos é, agus do Phroinsias Ó Conluain, a chuir cruth eagarthóireachta ar an saothar ceanna, sa bhliain 1959. Ach bíodh sin mar atá, cé go raibh Micí Mac Gabhann, dálta go leor eile lena linn, ar bheagán léinn foirmeálta, is cinnte go raibh sé ag cur thar maoil le saibhreas seanchais, scéalaíochta agus foghlamtha ó thaobh chúrsaí an tsaoil de. Chuir sé craiceann ar a scéal féin nuair a scoilt sé liobar, le cur síos agus léargas galánta a thabhairt ar eachtraí a shaoil agus na turais iontacha a chur sé faoi na bhonnaí le linn a óige. Ritheann rútaí na hársaíochta agus na scéalaíochta go domhan i saothar liteartha Mhicí, mar le linn dó bheith i mbun scéalaíochta, char lig sé don insint fuarú ar dhóigh ar bith. Faigheann an léitheoir léargas beacht ar an seort saoil a chaith Micí agus a sheal, ó Bhealtaine go Samhain, ar fostú ar an Lagáin, nó na séasúir a chaith sé thall fá Albain agus go speisialta a thréimhse i Meiriceá, ó mhianaigh airgid Mhontana, go dtí na mianaigh óir, sa Klondike agus é ar thóir an óir. Nuair a phill Micí na bhaile, thit sé i ngrá le Máire Dickson, agus mar a deir an seanfhocal; An t-aon leigheas atá ar an ghrá na pósadh, rud a rinne siad beirt nuair a aontaíodh iad faoi chuing an phósta sa bhliain 1902.

Ag pilleadh dúinn ar fhód dúchais Mhicí Mac Gabhann, sé sin, ar an sean-bhothán bheag ceann tuí ina rugadh 's tógadh é, is cinnte gur ábhar lúcháire agus mórtais é do bhunadh Chloich Cheann Fhaola, go dtug Togra Fiontar agus Cultúr Uladh faoi mhaoiniú a lorg le ath-choiriú a dhéanamh ar ghnéithe faoi leith den tseanteach stairiúil seo, atá ag cur thar maoil le seanchas agus stair shóisialta. D'éirigh le Togra Fiontar agus Cultúr Uladh ina gcuid iarrachtaí leanúnacha, maoiniú a aimsiú agus mar thoradh ar a gcuid oibre, rinneadh neart forbairtí cóirithe ar Teach Mhicí Mac Gabhann agus ar na bóithigh buailte leis. De thoradh ar seo uilig, tá teach Mhicí Mac Gabhann, a tógadh i gclapsholas na staire sa bhliain 1850, foscailte aríst don phobal. Tá deis anois ag bunú na háite, ag turasóirí chun na háite agus fiú, beidh deis in am trátha, ag na glúnta na bhfaca solas mór an tsaoil seo go fóill, cos a leagaint i dteach Mhicí agus a theacht thart i lár an tuí ann, le go bhfaighe siad feiceáil lena súile cinn féin, 's blaiseadh ar an seort slí maireachtála a bhí ag na glúnta a chuaigh romhainn fán taobh seo tíre.

Creidim mar dhaoine, gur maith linn anois is arist, ruathairt a thabhairt siar ar bhóithre na smaointe le machnamh beag 's meabhrú a dhéanamh ar na laetha a bhí, ar na h-eachtraí 's na himeachtaí a mhúnlaigh agus a chothaigh muid, agus atá go fóill mar pháirt luachmhar dar n-oidhreacht. Is cinnte go maith le daoine a bheith dílis dá gcuid rútaí agus don oidhreacht ársa ónár fáisceadh iad.

Ar an bhonn seo, baineann fíor thábhacht le scéal agus le Teach Mhicí Mac Gabhann, i bPolláin an Raithnigh, cionn is go bhfuil gathanna go leor a bhaineann leis agus a chaitheann solas luachmhar ar ár stair ar ár sliocht féin, chomh maith le ar ár n-oidhreacht phearsanta féin. Mar sin de, is fiú go mór do dhuine ar bith gur suim leis blaiseadh dár n-oidhreacht chultúrtha agus sóisialta a fháil, nó fiú tuigbheáil níos doimhne a bheith acu ar chúrsaí ailtireachta traidisiúnta agus ar an dóigh ar tógadh agus ar coiríodh na sean tithe ceann tuí, cuairt a thabhairt ar Theach Mhicí Mac Gabhann.

Sin uilig ráite, is cinnte gur fianaise láidir scéal Mhicí Mac Gabhann agus a mbaineann leis, ar an lorg a d'fhág cúrsaí imirce ar bhunú na taobh seo tíre ins na blianta a chuaigh thart. Nach suntasach ar fad an dóigh a bhfuil scéal agus galar na himirce ag bagairt go fíor arist ar idir leanbh 's liath, rud a léiríonn dúinn an síor-chasadh a ghnídh Rotha Mór an tSaoil.

Goitse
ar fud na cruinne
Tá Goitse ar fáil ar-líne ag
www.goitse.org

# Bailte Slachtmhara na Gaeltachta

Má tá tú ag taisteal thart ar an cheantar seo le tamall anuas, bhéarfaidh tú fá deara go bhfuil cuma i bhfad níos glaine néata ag teacht ar na bailte agus ar na bóithre.

Tá an comórtas Bailte Slachtmhara ar bun arís agus tá coistí beo gníomhach sna trí paróistí agus tá siad ag fágáil a lorg ar achan rud.

Seo an chéad uair a chuir Gaoth Dobhair agus Dobhar isteach ar an chomórtas agus tá sé le feiceáil ar an dá cheantar sin go bhfuil siad ag déanamh a ndíchill bail a chur ar an timpeallacht s'acu.

Rinne an dá eagraíocht pobail sa cheantar sin, Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair agus Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, cinneadh eatarthu féin go mbeadh an Comharchumann freagrach don cheantar idir Siopa Andaí siar go dtí Droichead an Bhun Bhig agus go mbeadh Ionad Dobhair freagrach as an chuid eile den cheantar go dtí Barr Dobhair. Tá obair ag gabháil ar aghaidh fosta in Anagaire, áit a bhfuil seanrothair daite go deas agus ciseáin lán bláthanna orthu, scaipthe fríd an bhaile.

Chuaigh sé i bhfeidhm fosta ar cholúnaí de chuid an pháipéir seo. Nuair a bhí Pól Ó Muireasáin ar cheann dá chuid cuairteanna isteach go Gabhla, bhailigh sé roinnt bruscair a bhí ina luí fán chladach ansin agus thug ar ais go tír mór é le athchúrsáil a dhéanamh air.




Mar pháirt d'fheachtas áitiúil na mbailte slachtmhara , rinne Micheál Ó Rabhartaigh agus a chairde Teach Choppins ag bun bhealach an Screabáin a phéinteáil. Bhí an phéint agus treallamh urraithe ag siopa DIY Uí Dhochartaigh agus An Chrannóg.

Tá obair mhór déanta fosta ag coistí deonacha i nGort an Choirce agus ar an Fhál Charrach le cuma ghlan, deas fáiltiúil a chur ar cheantar s'acu.

Creideann na coistí seo go bhfuil sé le leas an cheantair é a bheith go deas tarraingteach do na cuairteoirí a bhfuil an taobh seo tíre ag brath go mór orthu. Creideann an chuid is mó acu go bhfuil níos mó i gceist ná turasóirí a mhealladh chuig an áit.


Mar a dúirt Cathal Ó Gallchóir, bainisteoir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, "Meallfaidh sé an pobal meas a bheith acu ar an cheantar agus ar an timpeallacht."



Tá obair leanúnach a dhéanamh ar an Scéim Athnuachaín Baile ó Dhoirí Beaga go dtí an Bun Beag. Tá an dara céim den obair toisithe agus leanfar leis na piléir cloiche agus sconsaí úra siar droim na Machaireacha ins na seachtainí amach romhainn. Tá an obair seo á eagrú ag Coiste Mhuire (Na Machaireacha) agus Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, agus tá an obair throm á déanamh ag na fir agus mná ar an Scéim Sóisialta Tuaithe agus CE.



Seanrothar athmhaisithe ag cur le háilleacht an baile in Anagaire.




Tá Dobhar páirteach sa chomórtas 'Baile Slachtmhar' don chéad iarraidh i mbliana faoi scáth Ionad Naomh Pádraig.



Glantachán Ghabhla

## Patrick Gallagher Coaches

*Seirbhís bus laethúil ó hAnagaire go Béal Feirste agus ar ais!*




*Bun an Leaca, Gaoth Dobhair, Co Dhún na nGall*
*info@gallagherscoaches.com*
**www.gallagherscoaches.com**
**074 9531107; 087 2330888 / 2245848**



OÉ Gaillimh
NUI Galway

*Cuir le do chuid deiseanna fostaíochta le cáilíocht tríú leibhéal!*



## Cúrsa Lánaimseartha

**Dioplóma i Scileanna Teilifíse & Ilmheán:**
- Cúrsa praiticiúil
- Trealamh nua-aimseartha
- Deiseanna maithe fostaíochta: TG4, RTÉ, BBC, Telegael, Eo Teilifís srl.

## Cúrsaí Páirtaimseartha
**(Oíche amháin sa tseachtain)**

**Dioplóma sa Ghaeilge** (C1):
- Cuir snas ar do chuid Gaeilge
- Comhrá, Léitheoireacht agus Scríobh
- Léargas ar shaíocht na Gaeilge

**Dioplóma i Scileanna Aistriúcháin:**
- Béim ar scríobh na Gaeilge
- Cruinneas gramadaí
- Canúint vs Caighdeán
- Deiseanna maithe féinfhostaíochta

**Dioplóma i dTeicneolaíochtaí Gnó:**
- Cúrsa praiticiúil
- Ríomhchláir
- Bogearraí
- Ríomhthráchtáil

**Dioplóma i Léann an Traidisiúin:**
- Léargas ar oidhreacht agus ar chultúr na hÉireann
- Léargas ar acmhainní agus ar shaothair a bhaineann leis an traidisiún
- Bunscileanna bailithe agus eagair

**Tuilleadh eolais ó:** Ionad an Acadaimh, Doirí Beaga, Co Dhún na nGall.
**Guthán:** (074) 9531919
**Ríomhphost:** gaothdobhair@oegaillimh.ie
**Idirlíon:** www.acadamh.ie

**www.oegaillimh.ie**






# Coiscéim
www.coisceim.ie/2014.html






## IMEACHTAÍ LOINNEOG LÚNASA:

### AOINE 8 LÚNASA

2.30 pm **Oscailt na Féile**
Ceol le **An Crann Óg** agus páistí áitiúla i Leabharlann Ghaoth Dobhair

8.30 pm **Ceolchoirm:**
- **The Unwanted** (Cathy Jordan & cairde)
- **New Road**
- **Emma Ní Fhíoruisce**

Ionad Cois Locha • Táille: €12

10 pm **Céilí agus Damhsa Beirte**
Teach Jack • SAOR IN AISCE

10.30 pm **Seisiún Ceoil**
Tigh Hiúdaí Bhig • SAOR IN AISCE

### SATHARN 9 LÚNASA

10–1 pm **Ceardlainn Ceoil**
Ceardlann Píobaí Uilleann: **Gay McKeown**
Ceardlann Fliút: **Conor Byrne**
Ceardlann Fidil: **Ciarán Ó Maonaigh**
An Chrannóg • Táille: €20

1–9 pm **Lá an tSean-Nóis**
Ceardlann agus Ceolchoirm sean-nóis le:
- **Éamon Ó Donnchadha**,
- **Saileog Ní Cheannabháin**,
- **Connie Mhary Mhicí**
- **Doimnic Mac Giolla Bhríde**.

Táille: Ceardlann €20; Ceolchoirm 7pm: €8

11–1 pm **Ceardlann Damhsa ar an Sean-Nós**
Teach Jack. • Táille: €5

11–2 pm **Margadh Bia agus Ceardaíochta** sa Chrannóg

2 pm **Lá Teaghlaigh**
Ionad Naomh Pádraig • SAOR IN AISCE

8 pm **Mic Oscailte** i gCuisle an Cheoil!
Ionad Naomh Pádraig

9.30 pm **Cabaret Craiceáilte** le:
- **Na Casaidigh**
- **Na Bonny Men**
- **Lunatic Spoons**
- **Na Fá Dú Dás**

Tigh Hiúdaí Bhig • Táille: €5

### DOMHNACH 10 LÚNASA

1.30 pm **Rás Cuimhneacháin Columba Doherty**
Ag fágáil ó Óstán Radharc na Mara (Seaview Hotel)

2 pm **Lá Spraoi** le Cumann na gCurach
Taispeántas, Rás Curach, Ceol, Bia srl.
Cé an Phoirt Úir, Machaire Gathlán

4–6 pm **Seisiún Ceoil**
Teach Sheáin Óig • SAOR IN AISCE

9.30 pm **Siúlóid cois farraige faoi sholas na gealaí**
Eagraithe ag Rock agus Roam; mng.ie

9.30 pm **Oíche Cheoil le Clann Mhic Ruairí**
Tábhairne Leo • Táille: €5

### LUAN 11 LÚNASA

9 pm **Seisiún an Luan**
Teach Hudí Bhig • SAOR IN AISCE



# Tuismitheoirí ag eagrú i nGaeltacht Thír Chonaill

Grianghraif le Seán Ó Mainnín

Tá grúpa a thoisigh i gConamara sa bhliain 2011 ag lainseáil chraobh úr den eagraíocht sa cheantar seo ag deireadh na seachtaine seo.

Beidh ionadaí ó Thuismitheoirí na Gaeltachta sa chathaoir ag an cheardlann faoi thógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht ag an tsiompóisiam "*Caidé mar is féidir an Ghaeltacht a shábháil?*" mar chuid de dheireadh seachtaine Goitse go Gaoth Dobhair ag 10rn Dé Sathairn san Acadamh.

Ina dhiaidh sin, beidh seisiún eolais do dhaoine a bhfuil suim acu bheith páirteach san eagraíocht san Acadamh arís ag 8in.

Tá réimse imeachtaí beartaithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta sa cheantar seo thar an samhradh agus tá na sonraí thíos.

**28 Meitheamh 10rn-1in:** Siompóisiam *Goitse go Gaoth Dobhair*, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Beidh ionadaí ó Thuismitheoirí na Gaeltachta, Conamara ag labhairt faoi bheith ag tógáil clainne le Gaeilge.

**28 Meitheamh 8in:** Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Cur i láthair ó Thuismitheoirí na Gaeltachta, Conamara. Seans bualadh le baill de choiste Chonamara agus clárú le craobh Dhún na nGall. (Ballraíocht €10). Achan eolas faoin eagraíocht, idir ghníomhaíochtaí agus pholasaithe, agus faoi na campaí samhraidh atá beartaithe i nDún na nGall.

**30 Meitheamh - 4 Iúil:** Campa samhraidh cumarsáide i gcomhar leis an Acadamh i nGaoth Dobhair do pháistí 12-15bl. Beidh na daoine óga seo ag sealbhú scileanna praiticiúla cumarsáide (ceamara, fuaim, eagarthóireacht, ríomhaireacht) chomh maith le scileanna cumarsáide pearsanta (cur i láthair, plé smaointe, obair foirne srl) uilig tré mheán na Gaeilge. Ionad an champa: Acadamh na hOllscolaíochta i nGaoth Dobhair. Tá 15 áit ar an chúrsa seo. Costas €35. Téigh i dteagmháil le Máire ag mairenicniallais@gmail.com



**7-11 Iúil:** Campa drámaíochta do pháistí 5-11 bl. le Suzanne Uí Ghallchóir agus Marina Nic Giolla Bhríde. Beidh gné ealaíne i gceist chomh maith mar go mbeidh am curtha ar leataobh achan lá le hobair ar seit i gcomhar le háisitheoir ealaíne. Beidh dráma beag á chur i láthair do na tuismitheoirí ar an Aoine. (Beidh an campa lonnaithe ar an eastáit tionsclaíoch; mar sin beidh siad ag tabhairt cuairt ar an áit súgraidh chomh maith i rith na seachtaine.) Tá 20 áit ar an champa seo. Ionad: An Dánlann, Carraic an tSeascáin. Costas €35. Déan teagmháil le Suzanne ag an seoladh ríomhphoist bunabhaile1@gmail.com.



# Féile na Seanbheairice ag ceiliúradh nasc áitiúil le Myles na gCopaleen



Déanfaidh Féile na Seanbheairice ceiliúradh ar an nasc idir an scríbhneoir Brian Ó Nualláin (Myles na gCopaleen) agus Gort an Choirce.

Tá Féile na Seanbheairice ar siúil an deireadh seachtaine seo ar an Fhál Charrach. I mbliana tá an fhéile ag ceiliúradh an nasc a bhí ag an údar cáiliúil Myles na gCopleen le Gort an Choirce. Seolfaidh an t-ealaíontóir, Micheál Ó Nualláin, deartháir le Brian Ó Nualláin/Flann O'Brien/Myles na gCopaleen féile na bliana seo san oíche amárach (28 Meitheamh).

Mar chuid den cheiliúradh seo reachtálfar camchuairt ar rothar thart ar Ghort an Choirce ag tabhairt cuairt ar na láthair atá luaite le Myles na gCopaleen.

Mar chuid den deireadh seachtaine beidh léamh ó shaothar an údair, léachtaí leis an Dr Nollaig Mac Congail agus Séamas Mac Annaidh; mar aon le Feis Ghaelach sa tSeanbheairic.

I measc imeachtaí eile atá beartaithe don fhéile tá siúlóid sléibhe, ealaíon, coirmeacha ceoil, agus damhsa ar an sean-nós.

Tá tuilleadh eolas faoin fhéile ar fáil ó Paddy sa tSeanbheairic ag 074 9180655 nó ón suíomh idirlín www.antseanbheairic.com

# Sean-Nós i gcuimhne ar Éamoinn Ghráinne

Síltear go mbeidh níos mó ná fiche amhránaithe san iomaíocht do Chorn Cuimhneacháin Éamoinn Ghráinne a bheas ar siúl in Óstán Loch Altan ar an Domhnach seo (29 Meitheamh) ag 8pm. Deis atá anseo cuid de na hamhránaithe is fearr sa chontae a chluinsint. Cuirfidh Patsy Dan, Daniel Cullen agus cairde clabhsúr leis an oíche le céilí mór. Tá ticéid ar fáil ón tSeanbheairic nó ag an doras ar oíche an chomórtais.

# Craic ag an Chabaret



Edwina Guckian

Tá féasta ceoil roimh na cuairteoirí uilig a bheas ag freastal ar Goitse go Gaoth Dobhair agus Gaelforce an deireadh seachtaine seo.

Tá Emma Ní Fhíoruisce ar ais sa bhaile don tsamhradh agus tréan amhrán aici, cuid acu sean agus cuid acu chomh húr le bainne an lae inniu!

Ina cuideachta ar an ardán, beidh an grúpa óg as Rann na Feirste agus Gaoth Dobhair, Na Fa Dú Dás, chomh maith leis an rac-ghrúpa Wee Small Gods.

Ní strainséirí ar bith ag an Chabaret iad Mo Hata Mo Gheansaí, an pop-ghrúpa as Cill Mhantáin, agus beidh an scaifte ag bopáil agus ag búgaíeáil leis na hamhráin bhreátha acu.

Beidh damhsa de chineál eile ann fosta nuair a bheas damhsóirí sean-nóis na Sionainne faoi stiúir Edwina Guckian ag tógáil trup as an urlár toigh Hiúdaí.


Aimsigh do Sprioc:
Glac fógra le Goitse!

Rátaí agus eolas ar fáil ó
eolas@goitse.org
nó déan teagmháil ag
086 8476862

Goitse
www.goitse.org






# Cócaireacht ar Oileán

**Pól Ó Muireasáin**

I dtaca le seilg bia na farraige de, is é an t-iascach is tábhachtaí agus is mar sin a chuir mise suim mhór i mbia na farraige. D'imigh muid scaifte bheag againne isteach go hInis Trá Tholl amach ó Chionn Mhálanna go ceann trí lá ar thuras beag iascaigh ocht mbliana ó shin agus bhí an fharraige thart ar an oileán is faide ó thuaidh in Éirinn ar maos in iasc. Isteach leis an doireog agus broideadh, broideadh, broideadh. Mharaigh muid glasáin, deargógaí agus muirliasc.

Creid é nó ná creid ach bhí eagla bheag orm féin mo lámh a chur ar iasc beo roimhe seo. Cad é an sórt iascaire a bhí ionam ar chor ar bith? Bhí go leor de mo chairde cráite agam sna blianta sin ag iarraidh orthu an t-iasc beo a bhaint den doireog ar mo shonsa sula raibh mise in ann é a mharú leis an chleith iascaireachta nó an 'sagart' mar a deirtear i mBéarla. Chuir sin go leor de mo chairde a gháirí fríd na blianta ach bíodh a fhios agat anois, a léitheoir dhil, go bhfuair an t-ocras an bhuaidh ar an eagla bheag sin agus go bhfuil mé breá ábalta iasc beo a láimhseáil anois. Bhal, níl sin iomlán fíor mar go bhfuil eagla mo thóna orm go fóill mo lámh a chur ar eascann mhór siocair chomh contúirteach gairgeach agus a bhíonn siadsan.

Is iad na deargógaí agus na balláin is mó a thabharfaidh tú isteach ar na creagacha leis an tslat amach as an fharraige thart ar Ghabhla. Is fearr liomsa imeacht ar an kayak iascaireachta amach as Port a'Chruinn go hOileán Ghabhla nó Oileán Eala agus is amhlaidh is fusa a mharóidh tú deargógaí móra. Caith isteach an doireog lán de chleití thart fá lár Mhí Iúil nó Mí Lúnasa agus toiseochaidh an muirliasc a theacht isteach ina scórtha chugat. Tá an milléad liath le fáil i mbéal Phort a' Chruinn fosta ach is doiligh an t-iasc sin a mharú gan eangach.

Is é an muirliasc an t-iasc is fearr liomsa agus é lán ola. Fuair mé lear mór acu amach as Port a' Chruinn dhá bhliain ó shin agus chuir mé a oiread acu ab fhéidir liom i ndá ghreille éisc. Chuir mé na greillí ar bharr tine grabhar móna agus neart filléid eile ceangailte díobh. Bhain mé úsáid as neart scragall stáin nó 'tinfoil' le dusta an tsimléir a choinneáil ón iasc. Tháinig go leor toite amach as an ghrabhar móna ó oíche go maidin a rinne muirliasc móindeataithe domh – 'pičce de résistance' as Gabhla. Bhí de bhuntáiste breise ar an deatú gur choinnigh sé an t-iasc slán mar go raibh sé leasaithe agus nach rachadh sé ó mhaith go ceann roinnt laethanta.



Ceviche Ghabhla

Chuala mé gur ghnách le seanmhuintir Ghabhla sú a dhéanamh amach as cloigeann balláin ab éigean domh féin triail a bhaint as. Ghearr mé oinniún mór ina chiúbanna fíorbheag ar fad gur chuir mé sin isteach i bpota mór leathlán le huisce mar aon le cloigeann balláin gan na geolbhaigh. Chuir mé piobar dubh isteach fosta agus bhruith mé an sú go ceann uair a' chloig, maraim, agus mé ag baint súimín thall is abhus as. Is cuimhneach liom amharc isteach sa phota agus a smaointiú nach raibh cuma ró-fholláin ar chloigeann balláin ach chuir sé iontas orm chomh fíorbhlasta agus a bhí an sú. Rinne mé ó shin é agus thaitin sé i gcónaí liom.

Tá dúil millteanach mór agam in *ceviche* — béile blasta de chuid Mheiriceá Theas. Is fearr an t-iasc a ghearradh ón chnámh droma anuas ina fhilléid. Gan an chraiceann, cuirimse na filléid ar maos i sú sé nó seacht líoma mar aon le hoinniún dearg, cúcamar, sillí dearg, duilleoga de lus an choire agus piobar dubh. Bíonn an fheoil éisc á cócaráil ann. Cibé cnámha beaga atá fágtha, íosfaidh an sú iad. Cuir an béile i leataobh go ceann trí huaire a' chloig. Bain bolgam beag as go bhfeice tú an bhfuil sé réidh nó nach bhfuil. Ní thaitneoidh an béile seo le gach duine mar go dtig leis bheith láidir ar ghoile bheadaí. Ní chuireann a mhacasamhail isteach ormsa! *¡Ay, caramba! Me gusta comer ceviche* istigh ar Ghabhla.

# Fógraí Pobail

**FORBAIRT POBAIL:**

● MOT – Meitheal Oibre Tacaíochta: Seanóirí ar bith a bhfuil tacaíocht/cuidiú ar bith de dhíth orthu le jabanna beag thart fán teach. Eolas: Ionad Naomh Pádraig, 074 95 32949

**SLÁINTE**

● **'Men on the Move'** - clár aclaíochta do fhir nach bhfuil ró-aclaí achan Dé Máirt & Déardaoin in Ionad Naomh Pádraig @ 8i.n. Eolas: 074 95 32949

● **Bean na gCos:** Bíonn clinic ag an Choslia Siobhan Joyce sa Chrannóg ar an Aoine dheireanach de achan mhí ón 10rn - 3in.

● **Relay for Life 'Misneach'** – Tá foireann as Gaoth Dobhair darbh ainm 'Misneach' ag glacadh páirt. Duine ar bith ar mhaith leo uair a chaitheamh linn i Leitir Ceanainn, tá fáilte romhaibh. 31 Bealtaine, 6i.n. – 1 Meitheamh, 6i.n. Déan teagmháil le Máire @ 0749532949.

**CEOL:**

● **Ceol 's Spraoi** Ranganna ceoil do pháistí (0-5 bl) in Ionad Naomh Pádraig achan Dé Máirt @ 2i.n.

**OIDEACHAS:**

● *Grinds* saor in aisce do dhéagóirí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta.
Fraincis achan Dé Luain @ 6.00 i.n., Béarla achan Dé Máirt @ 5.00 agus Mata achan Dé Céadaoin @ 7.00 i.n. Eolas: 074 9532949

**SIAMSAIOCHT DON ÓIGE:**

● **Campaí Samhraidh Chlub Óige Rann na Feirste**
Beidh 3 champa samhraidh á eagrú ag an Chlub Óige don aois-ghrúpa 4-12 bliain d'aois an samhradh seo, ón 7-25 Iúil in Áislann Rann na Feirste, ón 10rn-2in. Clárú/eolas: 0864528475 nó 0879148205

● **Ceardlann Ealaíona**
Beidh ceardlann ealaíona 'Cois Farraige' do pháistí á eagrú ag An Cosán Glas i Machaire Rabhartaigh ón Luan 30 Meitheamh go dtí 4 Iúil. Tá an cheardlann seo fóirsteanach do pháistí san aois ghrúpa 7-14. Am: 10rn-3in. Costas €45 fá choinne na seachtaine. Clárú/eolas: 086 3397560

**SEIRBHÍS DLÍ:**
Clinic Saor-Sheirbhís Dlí trí Ghaeilge sa Chrannóg lá amháin achan mhí. Beidh an tseirbhís ann arís ar an 31 Bealtaine ón 2-4i.n. Tá an tseirbhís seo á chur ar fáil ag FLAC i gcomhar le Conradh na Gaeilge.

**FÉILTE:**

● **Féile na Seanbheairice** ar siúl ón 26-29 Meitheamh. Eolas ar na h-imeachtaí uilig le fáil ar an suíomh idirlín www.antseanbheairic.com nó ag 074 9180655.

● **Aonach Jack**
Mín na Leice Dé Sathairn 12 Iúil 11.00 - 5.00in Seastáin, Puball Mór, Ainmhithe, Earraí áitiúla, Bia, Craic agus Ceol


● **Féile Thraidisiúnta Chnoc Fola**
Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i gcomhar le Coiste Forbartha Chnoc Fola ag eagrú Féile Chnoc Fola mar is gnáth. Beidh an Fhéile ag tarlú ón 25-27 Iúil agus beidh clár mór de imeachtaí ar siúl, ina mbeidh an lá traidisiúnta ag Teach Mhuiris mar pháirt de.

● **Féile Ceoil Loinneog Lúnasa** 8-11 Lúnasa - Clár iomlán le fógairt gan mhoill. Eolas: 9532208

● **Corn Cuimhneacháin Éamoinn Ghráinne**
Comórtas amhránaíocht ar an sean-nós i gcuimhne ar Éamonn Mac Ruairí: Óstán Loch Altan, ar an Domhnach 29 Meitheamh, 2014, mar chuid de Fhéile na Seanbheairice. Céilí ina dhiaidh le Rí Thoraí, Patsy Dan, Daniel Cullen agus cairde. Eolas agus clárú: An tSean Bheairic 074 9180655

● **Oifig Eolais Turasóireachta**
Beidh an oifig eolais á reáchtáil sa Chrannóg le linn an tsamhraidh. Má tá suim agat cuidiú go deonach leis an oifig a choinneáil foscailte ag an deireadh seachtaine, cuir scairt ar Chathal ag 9532208.

Seol fógraí pobail chuig:
**eolas@goitse.org**


An Ceathrú Póilí

**Siopa Leabhar Gaeilge Bhéal Feirste**

*Leabhair Ghaeilge de gach cineál, chomh maith le cártaí ócáide, criadóireacht, seodra, t-léinte, fístéipeanna agus dlúthdhioscaí.*

Luan – Aoine 9:00rn – 5:30in
Satharn 9:30rn – 5:30in
Domhnach 1:00in – 4:00in

An Ceathrú Póilí
An Chultúrlann
216 Bóthar na bhFál
Béal Feirste BT12 6AH
G: 028 9032 2811
E: eolas@an4poili.com


# Blas an tSamhraidh

## Blag na mBuataisí

le **Bríd Ní hIcí**



Anois agus an aimsir thirim linn, caithfidh muid súil a choinneáil ar na plandaí agus a dhéanamh cinnte go bhfuil go leor uisce acu agus iad soar o lustain. Ba choir go mbeadh na prátaí agus na h-oinniún ag fás go maith; cinnte beidh na prátaí luatha réidh le baint gan mhoill agus níl a dhath chomh deas le prátaí luatha le h-im, salann agus piobar.

Istigh sa tollán, tá na duilleoga sailéid agus na cúirsiad ag fás leo chomh maith leis na h-oinniúin earraigh agus na sú talún. Mar sin tá a léir le ithe on ghairdín sna laetha seo agus ma bhíonn crann bláth troim ag fás agat beidh tú ábalta *cordial* bláth troim a dhéanamh chun faoiseamh a thabhairt duit nuair a bhíonn an ghrian ag soilsiú. Seo oideas fá choinne an *cordial* sin agus cúpla oideas eile chun na glasraí galánta seo a úsáid.

## Cordial bláth troim

**4 líomóid, nach bhfuil ciartha orthu agus iad glanta.**
**30 bláth troim, nite i mbáisín uisce chun feithidí no salachar a ghlanadh**
**55g aigéad citreach, thig leat seo a fháil sa cheimiceoir**
**2.5 kg siúcra mín**



Cuir an siúcra agus 1.5 lítear uisce isteach i sáspan mór, lig do a théamh go réidh go dtí go bhfuil an siúcra tuaslagtha san uisce.

Corraigh an meascán agus bruith an síoróip arbhair ar feadh cúpla bomaite agus ansin bain den teas é.

Tóg amach na bláthanna ón uisce agus cuir isteach sa sáspan iad leis an aigéad citreach, na líomóid agus an forchraiceann o na liomóid. Corraigh go maith gach rud le déanamh cinnte go bhfuil siad meascaithe leis an síoróip arbhair. Fág ansin é ar feadh ceithre huair is fiche.

I ndiaidh na tréimhse seo, cuir tuáille gréithe glan isteach i síothlán os cionn babhla mór. Úsáid liach chun an síoróip a thógáil amach agus lig dó sileadh go mall isteach tríd an tuáille. Caith ar shiúl na rudaí atá fágtha sa tuáille.

Líon buidéal atá steirilithe leis an cordial. Thig leat é a ól díreach agus beidh sé maith ar feadh sé seachtain má chuireann tú é sa chuisneoir.

Bíonn sé galánta meascaite le uisce súilíneach no fíon bán.

## Sailéad bog-the prátaí úr le muiceoil agus cáis ghorm

**500g prátaí úra, gearrtha ina leath**
**2 oinniún dearg gearrtha i ndingeacha**
**2 taespúnóg ola olóige**
**4 slis muiceoil deataithe, díslithe**
**140g beacán, gearrtha i slisiní**
**1 bordspúnóg mustard slánghráin**
**1 bordspúnóg fínéagar fíon dearg**
**85g cáis gorm, no cibé cáis is mian leat féin.**
**100g spionáiste**

Téigh an oigheann go dtí 200°c. Cuir na prátaí i stán rósta. Cuimil na prátaí le taespúnóg amháin den ola agus salann. Déan iad a róstadh ar feadh fiche bomaite agus ansin cuir isteach na h-oinniúin sa stán agus craith iad le cheile chun iad a mheascadh

Déan iad a róstadh ar feadh fiche bomaite eile agus ansin lig daofa fuarú giota beag.

Frioch an mhuiceoil agus na beacáin le chéile

Chun an blastán sailéad a dhéanamh, gread an mustard, fínéagar agus an ola le chéile le braon beag uisce.

Cuir na comhábhair eile uilig i mbabhla, doirt an blastán sailéad ar gach rud. Tá seo galánta le h-iasc nó feoil ar bith eile, no leis féin le arán maith.

Is maith liomsa sailéad a ithe an t-am seo den bhliain ach corr-uair thig le sailéad a bheith cineál leadránach. Seo cúpla ábhar a thig leat cur leis an gnáth-shailéad glas chun é a dhéanamh giota beag níos spreagúla: brocailí péacánach corcra nó gnáth-bhláthóg brocailí; ológa (dubh nó glas); cnónna péine tóstaithe; almóinní; gall-chnónna; croutons briosca/olóige; lárdan brioscarnach muiceoil; píosaí de bhradán deataithe le abhacád.

Chun cuma dheas a chur ar do shailéad, úsáid scamhaire prátaí ar phíosa cáis parmesan, meacan dearg no cúcamar chun ribíní deasa a dhéanamh.

Tá blastán sailéad iontach furasta a dhéanamh. Seo an bunoideas agus thig leat rudaí eile cosúil le mustard, líomóid, luibheanna, mil, gairleog no fiú ainseabhaite a úsáid chun do stíl féin a chuir leis:

**6 taespúnóg ola olóige úríon**
**2 taespúnóg fínéagar fíon bán**
**salann an fharraige agus piobar dubh úr-mheilte**

Gread gach rud le chéile agus thig leat é a úsáid mar sin nó do bhlas féin a chur leis.

# Cumann na bhFiann le cur lena gcúrsaí Gaeilge i nDobhar

Cuireadh deireadh leis an chéad chúrsa de chuid Chumann na bhFiann in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart nuair a tháinig tuismitheoirí na ndaltaí le taispeántas a gcuid páistí a fheiceáil.

Ag labhairt le *Goitse* roimh an taispeántas sin, dúirt Feargal Mac Tréinfhir, stiúrthóir an chúrsa, go raibh sé iontach sásta le achan ghné den chúrsa. Dúirt sé go raibh áthas air go dteachaigh an cúrsa agus an ceantar i bhfeidhm ar na daltaí.

Bhí na daltaí ag stopadh i seacht dteach ó Dhobhar chomh fada soir leis na Carraigeacha agus bhí Cumann na bhFiann agus na daltaí iontach sásta leis an tseirbhís a chuir na mná tí ar fáil, de réir Feargail agus beidh siad ag súil le teacht ar ais sna blianta amach romhainn.



Scoláirí óga Gaeilge a d'fhreastal ar an gcéad chúrsa a d'eagraigh Cumann na bhFiann i nDobhar an mhí seo.



An chéad chúrsa a d'eagraigh Cumann na bhFiann i nDobhar taobh amuigh de Ionad Naomh Pádraig.

Maireann an cúrsa trí seachtainí agus, ar an bhliain seo chugainn, tá sé beartaithe ag Cumann na bhFiann dhá chúrsa a reáchtáil san Ionad, ceann i mí Meithimh agus an ceann eile i mí Iúil.

Beidh na cúrsaí lonnaithe san Ionad ar feadh an tsamhraidh uilig, ó Mheitheamh go Lúnasa, ó 2016 ar aghaidh.

Dúirt Máire Uí Chomhaill, bainisteoir Ionad Naomh Pádraig, go raibh lúcháir uirthi go raibh na pleananna sin ag Cumann na bhFiann do na blianta amach anseo.

"Rinne an cúrsa i mbliana difear mór anseo," a dúirt sí, "agus níl a fhios caidé an difear a dhéanfaidh sé ar an bhliain seo chugainn agus na blianta ina dhiaidh sin."

Dhearbhaigh sí fosta gur ghnóthaigh cuid mhaith daoine as an chúrsa, ní amháin na mná tí. Is cosúil go raibh tuismitheoirí na ndaltaí ar cuairt bunús gach deireadh seachtaine agus gur thug siad a bpáistí amach a ithe sna bialanna sa cheantar.

Tá Máire dóchasach go dtarlóidh an rud céanna ar feadh tréimhse níos faide amach anseo.

# Máthair agus Leanbh



## Colún Nóra Chit

Bhí m'athair díreach curtha; bhí mé féin is mo dheirfiúr réidh le filleadh ar an ollscoil. Dúirt aintín linn go dorcha: "Bíodh a fhios agaibh go bhfuil rudaí ann atá níos measa ná an bás!"

Ba shin deireadh na seascaidí. Bhí ré na hipithe faoi lán seoil, lena mana "Déan craiceann in áit chogaidh," cumhacht bláthanna agus saorghrá. Chomh maith leis sin, bhí gluaiseacht Shaoirse na mBan ar obair ag cur nóisean úr isteach in intinn achan chailín sa tír. D'imigh an corset is na bra as faisean. Tháinig éadaigh compórdacha rómansúla isteach ina n-áit — an corp saor ó smacht mar léiriú ar an meon úr. Bhí an droch-rud úd, an piolla, ar fáil trasna na teorainne uainn. Ní iontas ar bith é m'aintín a bheith imníoch.

Bhí comhartha ceiste ann maidir leis an lipéad míofar sin 'leanbh neamhdhlisteanach'. (Tá leaganacha na Gaeilge níos cineálta — 'leanbh gréine' mar shampla — ach an caitheamh anuas céanna i gceist.) Bhí girseach óg ón dílleachtlann ag obair do mo mháthair seal agus muidne inár bpáistí beaga. Is cuimhin liom nach ndearna sí gearán ar bith fá na mná rialta a thóg í, ach d'inis sí dúinn go mbíodh muintir an bhaile ag scairtigh "*Gets*" i ndiaidh na ndílleachtaí agus iad amuigh ag siúl. "Ba focal uafásach é sin!", a dúirt sí linn. Agus chuaigh an mothúchán láidir ina glór i bhfeidhm go mór orainn.

Bhí scoileanna áirithe sa tír nár ghlac le leanaí gréine. Ní raibh ceart comharbais acu. Ní raibh cead roimh 1983 ag leanbh gréine dul le sagartóireacht. Ba é sin é an dearcadh oifigiúil i leith leanaí neamhurchóideacha. Agus an rud ba náirí ar fad, chuir an dearcadh sin isteach ar an chaidreamh idir tuismitheoirí agus iníonacha. Ar ghrá d'oinigh, chaití girseacha neamhphósta a bhí ag súil le breith, uaireanta de thairbhe éigniú, amach as an bhaile, le críochnú ag deireadh in Ionad do Mháithreacha agus Leanaí, agus iacall curtha orthu páistí s'acu a thabhairt ar shiúl.

Tá cúis ár náire mar shochaí, atá in ainm a bheith Críostaí, tagtha chun solais uair amháin eile.

I 1976 chuaigh Maura O Dea Richardson in éadan an ghnáthnóis, is é sin go dtiocfadh leanbh mná nach raibh pósta ar an saol faoi rún, agus ansin go dtabharfadh sí suas é le bheith uchtaithe ag "gnáththeaghlach". Choinnigh sí a leanbh agus bhunaigh sí an comhlacht Cherish le triúr ban eile a bhí sa chás céanna. I ndiaidh bhliain agóide, thug siad ar an rialtas liúntas a thabhairt do mháithreacha aonair. Ansin, de thairbhe a gcuid oibre agus le tacaíocht ó mhacasamhail Mháire Nic Róibín, tháinig an tAcht um Stádas Leanaí i bhfeidhm, a chuir deireadh leis an choincheap gránna den leanbh neamhdhlisteanach.

Ach fiú sa droch-am roimhe sin bhí teaghlaigh agus mná cróga ann a sháraigh mórchuid deacrachtaí le leanaí agus garleanaí gréine a choinneáil, agus nár shéan a sliocht fhéin.

Anois tá laghdú tagtha ar dhroch-thionchar na hEaglaise, a rinne dearmad ar an fhear a dúirt "Ligigí do na páistí teacht chugam . . . óir is lena leithéidí sin ríocht Dé", agus ar an eagla a bhí ann roimh "caidé déarfadh na comharsain?"

Fiú an aintín úd, cé nár chaill sí a mórtas cine ariamh, le haois chaill sí an meas ró-mhór sin ar thuairimí na gcomharsan a thug ar dhaoine droim láimhe a thabhairt ar a gcuid fola agus feola féin. D'éirigh sí níos tuisceanaí i leith an chirt, agus níos measúla ar achan chineál duine.

#BusAnois

## Goitse na nÓg





# Obair shlachtmhar scoláirí Dhobhair

Togra trasphobail atá idir láimh ag Ionad Naomh Pádraig, rannpháirtithe ó chúrsa Garradóireacha atá lonnaithe san Ionad faoi scáth Solus agus an NLN, ag cur crainn ag Pobal Scoil Ghaoth Dobhair i gcuideachta páistí on 6ú bliain as Scoil Phádraig Dobhar, mar pháirt den Baile Slachtmhar agus ag cur le brat glas Scoil Phádraig Dobhar.




Páistí ag baint sult as Lá Spóirt na nÓg i Rann na Feirste ar na mallaibh.



Páistí Naíonra Rann na Feirste ar a lá deireanach sa scoil.

## Pusail




Má bhaineann tú a haon ar shiúil ó a haon déag, tá deich fágtha agat.

Má chuireann tú a haon lena deich, tá a naoi agat.

Má bhaineann tú a haon ar shiúil ó a naoi, tá deich fágtha agat.

Cén dóigh go bhfuil sé seo fíor?

Freagra ar lch 15


# Campaí Samhraidh

## 30 Meitheamh - 22 Lúnasa 2014

*Ar mhaithe le Forbairt agus Labhairt na Gaeilge*




| Seachtain 1 & 5: | Seachtain 2 & 6: | Seachtain 3 & 7: | Seachtain 4 & 8: |
|---|---|---|---|
| 30/06/14 – 04/07/14<br>28/07/14 – 01/08/14 | 07/07/14 – 11/07/14<br>05/08/14 – 08/08/14 | 14/07/14 – 18/07/14<br>11/08/14 – 15/08/14 | 21/07/14 – 25/07/14<br>18/08/14 – 22/08/14 |
| Ríomhaireachta agus Cluichí, Cló Scríobh, Cur i Láthair, Póstaer, Cardaí, E-phost/ Idirlín, Camera Digiteach, Turas Eolais, Gar-cabhair. | Cluichí agus Spóirt, Scileanna Peil, Corp Oideachas, Rásaí, Siúlóidí, Turas Eolais, Tóraíocht Scavenger, Gar-cabhair. | Comhrá Gaeilge, Ríomhair-eacht, Logainmneacha, Turas Eolais, Tóraíocht Taisce, Ealaín, Gar-cabhair, Tráth na gCeist, Turas Eolais. | Aisteoireacht, Scileann Drámaíochta, Ríomhaireachta, Cluichí, Siúlóidí, Turas Eolais, Dreas Cainte, Gar-cabhair. |

**Muintearas Thír Chonaill**

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga

Fón: 074-9532578; e-post: mtchg@eircom.net; www.muintearas.com



# Focla Mhicí

**Aoí rialta de chuid Rónán Beo@3 ar Raidió na Gaeltachta is ea Micí Whiting Mac Aoidh. Tá *Goitse* buíoch do Mhicí, do Rónán agus d'fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.**

**Fuithe – faoithe:** Chifidh tú úth an bhó ag líonadh amach le bainne. Bheadh an úth iontach mór, agus bheithfeá cinnte go raibh sí ag dréim le gamhain, agus déarfá go raibh an bhó sin faoithe. Cuid mhór bainne ag gabháil san úth aicí.

**Faradh** (fara)**:** Dréimire a bhí déanta le súgán … fa choinne na cearca … le go mbeadh se furast ag na cearca siúl suas ar an fara, bhí ronsaí beaga trasna ann.

**Buaircín:** Sa tsean-am, ba ghnáth clár a chuir ar éadan bó, bó a bhí tugtha do bheith ag briseadh poill phrátaí amach ar a chonlaigh, nó a bhí drochmhúinte. Cha raibh sí ag feiceáil a dhath roimpi. Clár troigh nó mar sin ar leithead, naoi n-orlaigh ar leithead. Ní fheicfeadh sí a dhath ar chor ar bith roimpi, taobh amuigh den fhéar thíos fúithi ar an talamh.

**Camsachán:** Duine beag a bheadh iontach sean-aimseartha. Leath-stócach nó thiocfadh leis a bheith ag bualadh suas ar a bheith ina fhear, agus é iontach sean-aimseartha, ach ag déanamh aithris ar na seandaoine. Iontach magúil, sean-aimseartha.

**Lúbán**: Moll (spindle). Bheadh moll ag gabhail trasna fríd croí an rotha … bhí lúbóg de chorda láidir ag gabhail fríd an rotha, fá choinne é a choinneáil in áit amháin … lúbán – píosa de chorda, ceangailte ar íochtar an tuirne, fá choinne an moll a choinneáil in áit amháin …

**Mallaid:** – duine nach bhfuil dochar ar bith ann. Níl a dhath ann ach mallaid … duine gan dochar. Mallaideacht – an chanúint a bhíonn aige.

**Scollachán:** éanacha gan cluibhreach nó a dhath nuair a thig isteach amach as na huibheacha.

**Mútachán:** Chruinneodh siad cuid mhór mún. Bhíodh boladh bréan as! Chuirfidh blaincéid báinín ar maos sa mhún ar feadh seachtaine fá choinne an olainn a láidriú (ag ramhradh olaínn). Ansin dhéanfadh an fíodóir blaincéid as an olaínn.

**Gruamacht rabharta:** laetha a bheadh iontach gruama nó trom … bheadh an spéir dorcha uilig.



Muiris Conchubhair Beag Ó Gallchóir i mbun a chuid oibre le Briogáid Doiteáin Ghaoth Dobhair.

# RnaG i gcuideachta oifigeach stáisiúin bhriogáid dóiteáin Ghaoth Dobhair

I sraith nua atá in *An Lá Seo Romham* atá á craoladh ag Raidió na Gaeltachta an Samhradh seo cuireann Dónall Mac Ruairí muid in aithne do dhaoine atá ag plé le gairmeacha beatha éagsúla nuair a chaitheann an craoltóir an lá ina gcuideachta.

Is é Muiris Conchubhair Beag Ó Gallchóir agus a lá oibre atá faoi chaibidil in *An Lá Seo Romham* a chraolfar ar Raidió na Gaeltachta Dé Luain seo chugainn (1 Iúil) ag 1.32pm. Sa chlár seo caithfidh Dónall Mac Ruairí an lá le Muiris atá mar Oifigeach Stáisiúin ar Stáisiún Bhriogáid Dóiteáin Ghaoth Dobhair.

Míníonn Muiris mar a thosaigh sé ag obair sa bhriogáid an chéad lá riamh, agus na dúshláin atá le sárú aige achan lá ina chuid oibre agus iarrachtaí a ndéanamh aige tacú leis an phobal in am an ghátair. Insíonn sé faoi chuid de na laethanta is fearr, agus is measa, a bhí aige ag obair leis an tseirbhís dóiteáin.

## An Trom

### *Sambucus nigra*

*Trí chomhartha láthair mhallachta: Trom, Traonach agus Cúl Fáidh!*

Maraon le mórchuid de na tréanna, is seafóid iomlán atá sa ráiteas thuasluaite.

Ach cuireann sé in iúl an stádas urchóideach a bhí ag an chrann beag seo.

Bhí, áfach, dearcadh eile ann fosta. Ba rud ámharach crann Troim a bheith ag fás in aice leis an teach; go háirithe más uaidh féin a shíolaigh sé ann.

De réir Bretha Comaithchesa, téacs dlíthiúil ón ochtú céad, bhí an Trom rangaithe mar bhall de Fodla Fedo, ceann de na haicmí crainn is ísle da raibh ann.

Ach, go traidisiúnta, glacfar leis an Trom mar cheann de na plandaí is cumhachtaí amuigh.

Is de bharr na codarsnachta seo, idir na droch-cháile agus an dea-chlú, nach féidir gan urraim a thabhairt dó agus, mar sin, tá go leor scéalta agus pisreoga luaite leis.

Ach seans gur tréithe réadacha an Troim is cúis le seo uilig.

Sa chead dul síos ní crann mór



An Trom

é an Trom agus níl mórán maitheasa san adhmad agus, mar sin, is beag úsáid a bhaintear as. Is as sin a tháinig na geasa agus na finscéalta a bhaineann leis. Bhí sé ráite go raibh sprid i gcairdeas gach crann agus dá ndófaí an t-adhmad go bhfeicfí an diabhal. Ach, déanta na fírinne, tairgeann an crann seo an breosla adhmadúil is measa da bhfuil ann agus is cinnte go dtáinig na scéalta óna neamh-úsáid. Bhí gach olcas caite leis; chroch Iúdás é féin air agus bhí cros Chríost déanta de.

I gcoinne seo uilig bhí ard-mheas ar an phlanda ó thaobh luibheolaíochta de.

Bhí gach páirt den chrann in úsáid mar leigheas ar réimse leathan tinnis.

Cuirtear 'Cógaslann na nDaoine' air.

Tá an córas tacsanomaíoch (ainmniú agus rangú speicis) iontach casta leis an Trom.

Go traidisiúnta bhí sé rangaithe sa ghrúpa Caprifoliaceae, sé sin le rá go raibh sé gaolta leis an Táthfhéithleann *Lonicera periclymenum*. Ansin rinneadh ath-rangú air mar bhall den ghrúpa Adoxaceae leis an Chaor Chon *Viburnum opulus*. Le gairid, tar éis mór-staidéar ar na mion-éagsúlachtaí, bhí socrú déanta fine ar leith a chruthú don ghéineas *Sambucus* agus anois tá sé leis féin sa Sambucaceae.

Tá naoi speicis de *Sambucus* ann, atá le fáil ar fud an domhain beagnach, agus glactar leis go bhfuil sé subspeicis nó foghné ag *S. nigra*.

Tá ball amháin eile de Sambucus ag fás sa tír, ach níl an Tromán *S. ebulus* dúchasach.

Bhí sé ráite gurb é Tarlach Mac Suibhne, an Píobaire Mór, an chéad duine a d'fhás crann Troim i gceantar Ghaoth Dobhair. Ach is dóiche go raibh seo luaite leis siocar go raibh géaga an Troim, atá ar nós feadáin, in úsáid i bpíobaí. Is cínnte gur éanacha, a bhfuil dúil mhór acu sna caortha, a thug isteach iad fadó. Is minic a bhíonn an Trom le feiceáil ag fás gar do thithe, go háirithe seantithe, mar go mbaineann sé tairbhe as an ardú shaibhris san ithir ar nós Chúl Fáidh *Urtica dioica*.


Tá aifid nó míol planda *Aphis sambuci* a mhaireann ar an chrann i rith an tsamhraidh agus de gnáth bíonn siúd faoi chúram seangáin atá ar thóir an drúcht meala a thairgeann na h-aifidí. Níl mórán feithidí eile a bhíonn beo ar dhuilleoga an Troim mar go bhfuil cosaint cheimiceach acu. Bíonn droch-bholadh uatha agus úsáidtear iad sa ghairdín chun glasraí a chaomhnú ó fheithidí agus deirtear go bhfuil seo éifeachtach in éadan míoltóga fósta.

Tá fungas ar leith a fhásann ar ghéaga an Troim. Bíonn *Auricularia auricula-judae* le fáil i rith na bliaina, tá cuma cluaise air agus tá sé inite.

Ach níl sé iontach blasta agus, cá bith, b'aisteach rud atá chomh cosúil le cluas duine a ithe.

—C. Mac Conn Tíre

# Taispeántas laochra spórt ar an Fhál Charrach




An tAthair Seán Ó Gallchóir ag ócáid seolta an taispeántais Laochra Spóirt Dhún na nGall.

Bhí Anthony Molloy, Caiftín na foirne a bhain Craobh Peile na hÉireann i 1992 i láthair ag an tSeanbheairic ar an Fhál Charrach an tseachtain seo a chuaigh thart le taispeántas 'Laochra Spóirt Dhún na nGall' a lainseáil. Tá an taispeántas ar iasacht ó Iarsmalann Chontae Dhún na nGall i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus déanann sé ceiliúradh ar laochra spóirt ón chontae seo agus iad ag súil le glúin eile imreoirí a spreagadh. Ach ní peileadóirí amháin atá á gceiliúradh mar tá spás ann do leithéidí do bhuaiteoirí Chraobh Liathróid Láimhe na hÉireann Áine Ní Cheallaigh (nach maireann) agus buaiteoirí an chomórtais beirte Máire Ní Cheallaigh agus Maighread Ní Ghallchóir.



Caitlín Uí Cheallaigh ag comhrá le Liam McElhinney ag ócáid seolta an taispeántais sa tSeanbheairic.



Cuid den tslua a d'fhreastal ar ócáid seolta an taispeántais Laochra Spóirt Dhún na nGall ar an 20 Meitheamh. Beidh deis ag an phobal súil a chaitheamh ar an taispeántas as seo go ceann roinnt seachtainí.

## SÚIL SIAR



Ní raibh John Deere thart an t-am sin!



Freagra ar Phusail leathanach 13:

Tá sé fíor má tá tú ag baint úsáid as uimhreacha Rómhánacha!

11 = XI

10 = X

9 = IX

# Ról lárnach ag peileadóirí Ghaoth Dobhair i gcluichí ceannais Uladh

Damien Ó Dónaill

Foirne peile Dhún na nGall i gcluiche ceannais Chúige Uladh. Naonúr as CLG Ghaoth Dobhair a bheas páirteach sna foirne sin. Beidh foireann shinsir agus mhionúir Dhún na nGall i gcluiche ceannais chúige Uladh na bliana seo ar an 20 Iúil. Is é seo an chéad uair go mbeidh an fhoireann shinsir agus mhionúir ag imirt i gcluichí ceannais an chúige ar an lá céanna ó bhí 1963 ann. Bhain mionúir Dhún na nGall craobh an chúige i 2006 faoi stiúir Sheáin Uí Chléircín ach níor bhain siad craobh Uladh ó shin. Tá foireann iontach láidir ag Déaglán Ó Cnáimhsí i mbliana agus tá Déaglan ag obair leis an fhoireann seo le cúig bliana anuas. Bhí sé páirteach leis an ghrúpa imreoirí seo ar dhóigh amháin ná ar dhóigh eile le dornán maith blianta. Tá aithne mhaith aige orthu agus tá a fhios aige an ábaltacht atá iontu. Ní chuirfeadh sé iontas ar bith ar mhórán dá n-éireodh le foireann mhionúir Dhún na nGall a ghabháil chomh fada le cluiche ceannais na hÉireann i mbliana.


Odhrán Mac Niallais: ag dul ó neart go neart.

Tá foireann Shéamais Mhig Aonghusa i gcluiche ceannais an chúige chomh maith. Níl ach cluiche amháin i gcraobh Uladh caillte ag a fhoireann ó roghnaíodh é mar cheannródaí orthu ceithre bliana ó shin. Éacht nach beag ag foireann a bhí mar ábhar magaidh ag an chuid eile den tír le fiche bliain anuas. Tá na Conallaigh uilig ag iarraidh go mbeidh Muineachán i gcluiche ceannais an chúige i mbliana i ndiaidh an ghreidimín a thug siad do Dhún na nGall anuraidh ach caithfidh siad lámh in uachtar a fháil ar Ard Mhacha go fóill. Níl sé furasta ag foireann ar bith a ghabháil in adharca le foireann Ard Mhacha ach, tá mé den bharúil go mbeidh Muineachán rómhaith acu, go háirithe anois agus Conchúr Mac Mánais ar ais ar a sheanléim arís.

Ach, an scéal is mó suime anseo sa Ghaeltacht go mbeidh deichniúr as cumann peile Ghaoth Dobhair páirteach i gcluiche ceannais an chúige. Aodh Máirtín Ó Fearraigh, atá mar rúnaí ar bhord an chontae agus a bhíonn le feiceáil i measc fhoireann bhainistíochta Shéamais Mhig Aonghusa, agus ansin tá naonúr imreoirí fosta. Seisear ar an fhoireann mhionúir agus triúr ar an fhoireann shinsir. Is cinnte gur lá stairiúil a bheas ann do chumann Ghaoth Dobhair. Má éiríonn leis an dá fhoireann, beidh ábhar ceiliúrtha ag bunadh Ghaoth Dobhair chomh maith le bunadh Dhún na nGall.

Na himreoirí atá i gceist nó Gavin Mac Giolla Bhríde, Niall Ó Frighil, Cian Ó Maolagáin, Mícheál Ó Cearúill, Gary Mac Pháidín agus Ciarán Mac Giolla Easpuig. Chomh maith leis sin tá triúr ar an fhoireann sinsir, Eamonn agus Niall Mac Aoidh agus Odhrán Mac Niallais. Tá go leor gasúraí Gaeltachta eile ar an fhoireann mhionúir chomh maith, ina measc, Lorcan Ó Conchúir as na Dúnaibh a fuair naoi bpointe ar an Domhnach.

Tá ról lárnach ag gasúraí Ghaoth Dobhair ar an dá fhoireann agus bíonn an fhoireann bhainistíochta ag brath go mór orthu. Tá fios maith againn uilig ar an ábaltacht peile atá i gclann Mhig Aoidh ach fuair Odhrán a sheans i mbliana agus tá sé ag gabháil ó neart go neart ó bhí tús an tséasúir ann. Bronnadh laoch na himeartha air ar an Domhnach nuair bhí sárchluiche aige. Tá bua na peile ag Ódhrán agus d'admhaigh sé féin gur obair sé thar a bheith crua i mbliana ar a chuid aclaíochta. Beidh Gaoth Dobhair ag brath go mór air amach anseo nuair a thosóidh craobh na gclubanna.

Fear óg eile atá ag imirt peil den scoth i mbliana ná Míchéal Ó Cearúill. Bhí an pheil sa teaghlach aige i gcónaí agus tháinig sé anuas chuige ó ghlúin go glúin agus ní iontas ar bith é go bhfuil Micheál ina imreoir den scoth chomh maith. Bhí a dheartháir James ar an fhoireann mhionúir a d'imir i gcluiche ceannais Uladh i 2006, an t-am deireanach ar éirigh leo craobh Uladh a bhaint. Tá James ar an choigríoch san am i láthair agus é ag teagasc i nDubai ach tá mé cinnte de go mbeidh sé ag teacht abhaile le tacaíocht a thabhairt dá dheartháir sa chluiche ceannais.

# Regatta Dhún Lúiche

Bhí an chéad regatta ag Cumann na gCurach, Cloch Cheannfhaola Dé Domhnaigh ag Loch Dhún Lúiche. Bhí an aimsir go maith, tháinig go leor daoine amach le tacaíocht a thabhairt don chlub. Rinne an club go maith sna rásaí. Bhain na buachaillí faoi 14 an chéad áit amach! Fuair na fir sinsir an tríú áit agus na mná sinsir an dara áit. Fuair an club an chéad agus an dara áit san rása meascaithe.

Beidh lá oscailte a reachtáil ag an chlub ar an Satharn ón 4-6 do dhuine ar bith ar mhaith leo triail a bhaint as an skiff ar Loch Dhún Lúiche agus beidh na foirne ag glacadh páirt i Lá Mór Theilinn ar an Domhnach.

Grianghraif: Matty 56





